

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**Department of Education and Skills**

**Meastóireacht Scoile Uile**

**TUAIRISC**

**Scoil Bhreandáin**

**Eachléim, Béal a Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo**

**Uimhir rolla: 12373I**

**Dáta na cigireachta: 6 Meitheamh 2014**



**AN ROINN | DEPARTMENT OF  
OIDEACHAIS | EDUCATION  
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS**

## 1. Réamhrá

Is scoil tuaithe comhoideachas í Scoil Bhreandáin faoi phátrúnacht an Easpaig Chaitlicigh Cill Ala. Is scoil Ghaeltachta í, lonnaithe sa tsráid bhaile Eachléim, timpeall fiche ciliméadar ó Bhéal a Mhuirthid. Cé go labhraítear Gaeilge sa cheantar, ní thagann ach níos lú ná leath de na daltaí ó theaghlaigh ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga bhaile. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Tháinig meath ar líon an rolla leis na blianta anuas. Tá caoga ceathair daltaí ar an rolla faoi láthair. Tá triúr oide ranga, múinteoir tacaíocht foghlama/acmhainne lánaimseartha agus múinteoir acmhainne roinnte le scoileanna eile ar an bhfoireann. Glacann an scoil páirt sa scéim Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS), plean gníomhaíochta na Roinne um chuimsiú oideachasúil. Tá tinreamh go han-mhaith ag tromlach na ndaltaí.

Dhírigh an mheastóireacht ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Ghaeilge, sa Bhéarla, sa Mhatamaitic agus sa Chorp Oideachais.

## 2. Achoimre ar thátail agus moltaí d'fhorbairt bhreise

Is iad seo a leanas **príomh-láidreachtaí** obair na scoile:

- Tá ag éirí go maith leis an scoil an teanga agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn.
- Léiríonn beagnach gach dalta sa scoil caighdeán an-ard sa Ghaeilge labhartha.
- Léiríonn a lán de na daltaí ar chaighdeán an-ard sa Mhatamaitic.
- Chonacthas cleachtas an-mhaith sa teagasc agus san fhoghlaim sa Chorp Oideachais.
- Coimeádtar an foirgneamh agus fearann na scoile go tarraingteach agus ar ard chaighdeán.

Tá na **príomh-mholtaí** seo a leanas á ndéanamh:

- Tá ar an mbord bainistíochta cúiseanna míshástachta faoi réachtáil na scoile atá le sonrú i measc na dtuismitheoirí a shainaitheint agus tabhairt faoi iad a réiteach.
- Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar chur chuige pleanála agus cleachtas DEIS na scoile ionas go bhfuil siad dírithe níos fearr ar thorthaí foghlama na ndaltaí a fheabhsú.
- Bá chóir go mbeadh pleanáil agus cleachtas oidí ag teacht le *Curaclam na Bunscoile (1999)*. Go háirithe, ba cheart do na hoidí ranga cur chuige idirdhealaithe a úsáid níos mó chun freastal ar riachtanais gach uile dhalta.
- Tá práinn ar leith ann don bhord tabhairt faoi na heasnaimh atá ann i gcomhlíonadh na ndualgais mar atá leagtha amach i *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus I Scoileanna Iarbhunscoile*.
- Tá gá athbhreithniú a dhéanamh ar an seirbhís tacaíocht foghlama chun a chinntiú go bhfuil an tacaíocht dírithe ar na daltaí is laige.

### 3. Cáilíocht bhainistíocht na scoile

- Tá an bord bainistíochta comhdhéanta go cuí agus tionóltar cruinnithe go rialta. D'éirigh go héifeachtúil leis cóiríocht ar chaighdeán mhaith a sholáthar. Coimeádtar an scoil go tarraingteach agus ar ard chaighdeán. Tacaíonn an bord le cur chun cinn na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh.
- Tuairiscíonn an bord go bhfuil an scoil ag feidhmiú go han-mhaith. Tugann fianaise a bailíodh le linn na meastóireachta le fios, áfach, go bhfuil leibhéal áirithe míshástachta i measc na dtuismitheoirí maidir le seo. Moltar don bhord iarracht a dhéanamh an mhíshástacht seo agus a bunchúiseanna a aithint agus tabhairt faoi iad a réiteach. B'fhiú machnamh a dhéanamh ar eadráin sheachtrach a bheith páirteach sa chás.
- Moltar don bhord athbhreithniú a dhéanamh ar a chleachtas maidir le hairgead a sholáthraíonn na tuismitheoirí. I láthair na huaire, iarrtar ar na tuismitheoirí íoc as táille suntasach gach Meán Fómhair le haghaidh ceachtanna ceoil agus rince a tharlaíonn i rith an lá scoile. Níl an cleachtas seo ag teacht le polasaí na Roinne agus ní mór stop a chur leis.
- Faigheann an scoil maoiniú suntasach DEIS. Tá tromlach an airgid faighte go dtí seo caite ar thaisteal chuig snámh agus ar threalamh spóirt. Is cuspóir an mhaoiniú seo ná torthaí foghlama na ndaltaí, go háirithe, daltaí a bhfuil ag maireachtáil faoi mhíbhuntáiste, a fheabhsú. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtas na scoile agus é a athrú ar bhonn práinne.
- Líníonn an príomhoide a dualgais riaracháin go cumasach agus cinntíonn sí go gcoimeádtar taifid na scoile go cruinn. Tá fíís shoiléir aici ó thaobh cur chun cinn na teanga agus an chultúir Ghaelaigh agus d'éirigh léi a chinntiú gurb í Gaeilge teanga na scoile. D'fhorbair sí banna ceoil na scoile go hard caighdeán. Faigheann sí tacaíocht mhaith ón leas príomhoide. Tá gá anois don phríomhoide a ról cinnireachta tréadach a fhorbairt agus béim faoi leith a chur ar chultúr scoile dearfach a chothú do chách.
- Tá na ranganna roinnte go cothrom idir na múinteoirí ranga. Tá gá anois athbhreithniú a dhéanamh ar chuid de chlár ama na múinteoirí. Tugann an socrú atá ann faoi láthair cuid ama don phríomhoide chun dualgais riaracháin a dhéanamh trí uair sa seachtain. Is dóigh nach í seo an úsáid is fearr de na hacmhainní múinteoireachta atá curtha ar fáil don scoil.
- Soláthraíonn cumann na dtuismitheoirí tacaíocht fhiúntach don scoil tríd a bheith páirteach sna hócáidí speisialta agus airgead a bhailiú don scoil. B'fhiú don chumann a fhiosrú na tacaíochtaí atá ar fáil ón gComhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Bunbhrainse chun rannpháirtíocht na dtuismitheoirí mar chomhpháirtithe san oideachas na ndaltaí a chothú.
- Baineann cáilíocht mheasctha le bainistíocht na ndaltaí. Tá cuid straitéisí úsáideacha i bhfeidhm chun caidreamh dearfa a chur chun cinn i measc na ndaltaí. Déantar tionóil seachtainiúil scoile a eagrú ina ceiliúradh gaiscíochta an duine aonair nó grúpaí. Moltar an deá obair seo go hard. Bunaithe ar thorthaí na gceistneoirí a cuireadh ar na daltaí áfach, tá scóip chun forbartha sa réimse seo. Mheas líon ard acu nach dtaitníonn an scoil leo agus nach raibh siad cinnte go n-iompraíonn na daltaí iad féin go maith sa rang. Ba chóir do na hoidí níos mó straitéisí a admháil agus a chúitíonn iompair dearfach a aontú agus a chur i bhfeidhm.

#### 4. Cáilíocht na pleanála scoile agus na féinmheastóireachta scoile

- Tá cáilíocht an phróisis pleanála scoile agus na féinmheastóireachta scoile sásúil. Sholáthair an scoil réimse leathan de pholasaí riaracháin sa dá theanga. Tá sé riachtanach don scoil a chinntiú go gcuirtear i gcrích go hiomlán a bpolasaí ar bhulaíocht, ar chomhionannas agus ar idirdhealú.
- B'fhiú don scoil polasaí a fhorbairt ar mheasúnú. Ba chóir spriocanna soiléire a leagadh amach le haghaidh dalta aonair agus grúpaí daltaí, bunaithe ar thorthaí measúnuithe. Níl na polasaithe curaclaim ginearálta atá ar fáil ag teacht go cuí le na riachtanais áirithe an scoil il-ranga seo agus tá gá le hathbhreithniú a dhéanamh orthu.
- Tá cáilíocht phleanáil scríofa na n-oidí measartha, ach tá siad ró dírithe ar ábhair na dtéacsleabhar a cur i láthair. Moltar do na hoidí a bpleananna agus a gcuid cleachtais a bheith ag teacht níos mó le *Curaclam na Bunscoile (1999)*. Cinnteoidh sé seo go gcuirfeadh i gcrích curaclam níos leithne agus níos cothroime agus go gcuirtear ar fáil níos mó deiseanna do na daltaí a bheith ag foghlaim go gníomhach.
- Tá tús curtha leis an bpróiseas féin mheastóireachta scoile. D'aithin an scoil gá le timpeallacht shaibhir mhatamaitic a sholáthair i ngach rang. Ba chóir anois an polasaí seo a chur i gcrích tríd an scoil. Is gá don scoil tús áite a thabhairt don taifead, don mheasúnú agus don anailís ar gnóthachtáil na ndaltaí le riachtanais speisialta mar chuid den chlár feabhsúcháin na scoile.
- Thug údarais na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*, gan athrú ná leasú. Le linn na meastóireachta, áfach bhí fianaise ann nach bhfuil cleachtas na scoile ag teacht go hiomlán lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*. Moltar, mar ábhair phráinne, aird na dtuismitheoirí uile a tharraingt ar pholasaí na scoile maidir le caomhnú leanaí agus a chinntiú go bhfuil cóip den pholasaí seo ar fáil go héasca do na tuismitheoirí. Ba chóir don scoil rochtain a fháil ar thraenáil maidir le cur i bhfeidhm nósanna caomhnú leanaí.

#### 5. Cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na

- Chonacthas go minic modheolaíochtaí teagaisc traidisiúnta le múinteoireacht uile ranga. Tá ag éirí leis na modhanna seo do na daltaí níos éirimiúla. Ní raibh obair ghrúpa leis an gcur chuige comhoibríoch le feiceáil ach go hannamh. Ní raibh ach deiseanna teoranta ag na daltaí a bheith ag obair go gníomhach nó a bheith páirteach i gcaint agus comhrá struchtúrtha. Ba cheart modheolaíochtaí mar atá molta i *gCuraclam na Bunscoile* a chur i bhfeidhm go hiomlán. Ba chóir go mbainfeadh na múinteoirí úsáid as cur chuige agus modhanna a dhíríonn ar chumais agus ar riachtanais na ndaltaí go léir chun a n-acmhainní a fhorbairt ar bhealach atá struchtúrtha agus céimíúil. Moltar chomh maith teicneolaíochta an eolais agus na cumarsáide a chur chun cinn níos éifeachtúla.
- Ar an iomlán, tá cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí sa Ghaeilge ó bhéal an-mhaith. Ós rud é nach dtagann ach mionlach de na daltaí ó theaghlaigh ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga baile, tá éacht déanta maidir le saibhreas teanga na naíonáin agus na daltaí óga. Baintear úsáid éifeachtach as scéalaíocht, dánta agus amhráin sna ranganna seo. Léann an chuid is mó de na daltaí go cruinn líofa, mar atá soiléir sna scrúduithe caighdeánaithe. Chun cur leis an deá obair seo, b'fhiú don scoil

réimse acmhainne níos leithne a chur ar fáil cosúil le *E-Leathanach*. Tá éagsúlacht le feiceáil i gcáilíocht obair scríofa Gaeilge na ndaltaí. Chonacthas obair mhaith ó thaobh ábhair agus cur i láthair sna meán ranganna. Bhí gá le forbairt shuntasach san obair scríofa sna ranganna eile. Tá gá le deiseanna a thabhairt do na daltaí a bheith ag scríobh go minic i seánraí éagsúla go neamhspleách, trasna an churaclaim.

- The quality of teaching, learning and pupil achievement in English is fair. Emergent reading skills need to be further developed in the infant classes, where pupils have been provided with the same textbook, regardless of their ability to read. The school needs to implement early intervention strategies for those pupils identified as having difficulties in literacy and provide more targeted in-class support from the learning support teacher. Some good quality independent written work in English was observed in the middle classes. The quality of written work in the senior classes needs to be improved in terms of content and presentation. Pupils need to be provided with more specific feedback on how to improve their work. In their responses to the questionnaires, a third of pupils did not agree that teachers tell them how to do this.

*Tá cáilíocht an teagaisc agus na foghlama i mBéarla measartha. Ba chóir na scileanna tús léitheoireachta a fhorbairt níos mó sna ranganna naíonáin, áit ina bhfuil an téacsleabhar céanna ag gach dalta, beag beann ar ábaltacht léitheoireachta. Ba chóir don scoil straitéisí luath idirghabháil a chur i bhfeidhm do na daltaí atá aitheanta go bhfuil deacrachtaí léitheoireachta acu agus níos mó tacaíochta in-ranga a chur ar fáil ón múinteoir tacaíocht foghlama. Chonacthas obair scríofa neamhspleách ar chaighdeán maith sna mheán ranganna. Ba chóir feabhas a chur ar obair scríofa na ranganna sinsearacha, ó thaobh ábhair agus cur i láthair. Ba cheart aiseolas níos sonraí a thabhairt do na daltaí conas a gcuid oibre a fheabhsú. Sna freagraí do na ceistiúcháin, níor aontaigh trian de na daltaí go n-inseoinn a n-oidí conas é sin a dhéanamh.*

- Go ginearálta, tá cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí sa Mhatamaitic go maith. Léiríonn an chuid is mó de na daltaí cruinneas agus líofacht ag aithris na táblaí. Léirigh go leor de na daltaí scileanna ar leibhéal maith ag freagairt ceisteanna le linn na meastóireachta agus tá an caighdeán atá bainte amach ag cuid mhaith acu sna scrúduithe caighdeánaithe an-mhaith. Tá grúpa suntasach áfach sa scoil atá ag streachailt chun scileanna bunúsacha a fhoghlaim san uimhearthacht. Ba chóir don scoil straitéisí measúnuithe éifeachtúla chun na riachtanais áirithe a aithint agus chun cláir chúí idirdhealaithe a chur ar fáil chun tacú a thabhairt do na daltaí seo.
- Tá cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí sa Chorp Oideachas go han-mhaith. Tá réimse maith áiseanna, ó thaobh páirc spraoi agus trealamh spóirt, ag an scoil. Bhí struchtúr maith ar na ceachtanna a breathnaíodh agus bhí béim chúí curtha ar fhorbairt scileanna. Tugtar aiseolais chruinn go mion do na daltaí chun deis a thabhairt dóibh a scileanna a fheabhsú. Moltar go síntear an dea-chleachtas seo trasna an churaclaim. Ba cheart don scoil a bheith chomh bródúil is atá siad as a gaiscíocht sa pheil agus socair.

## 6. Cáilíocht na tacaíochta do dhaltaí

- Tá cáilíocht an tsoláthair do dhaltaí le riachtanais fhoghlama measartha. Tá múinteoir acmhainne/tacaíocht foghlama lonnaithe sa scoil triúir oide seo go lánaimseartha. Anuas ar sin, tá ceithre huair acmhainne curtha ar fáil le múinteoir acmhainne eile atá lonnaithe

sa scoil. Bá choir athbhreithniú a dhéanamh ar dháileadh an ama tacaíochta foghlama tríd an scoil ar bhonn práinne. Ba cheart go gcinnteoidh sé seo go bhfaigheadh na daltaí leis na riachtanais is suntasaí príóireacht rochtain a fháil ar an seirbhís. Ag an am seo níl ach seirbhís tacaíocht foghlama teoranta ar fáil san uimhearthacht. Ba chóir tús áite a thabhairt do seo san athbhreithniú. Cé nach bhfuil an polasaí don oideachas speisialta ag teacht leis an gcioclán *Special Education Circular 02/05* bhí athbhreithniú idir lámha le linn na meastóireachta.

- Forbraítear seomra tacaíocht foghlama go tarraingteach. Bhí na hoidí go deas cineálta leis na daltaí, agus tugadh moladh agus spreagadh dóibh. Cuirtear clár aonair teagaisc agus próifílí daltaí bunaithe ar thuairisc na saineolaithe ar fáil. Uaireanta bhí na spriocanna sna cáipéisí seo ró ghinearálta chun a bheith úsáideach. Ba chóir do na hoidí spriocanna teagaisc a leagadh amach atá sonrach, intomhaiste agus uainithe do na daltaí.
- Go ginearálta, tá córas cúlúcháin ar bun sa scoil do na daltaí le riachtanais oideachais speisialta. Moltar don scoil tacaíocht struchtúrtha in-ranga agus buíonteagasc a fhorbairt chun aistarraingt daltaí a laghdú.
- Ba chóir don scoil athbhreithniú a dhéanamh ar na straitéisí atá in úsáid faoi DEIS. Ba cheart don scoil riachtanais an ghrúpa is mó atá i mbaol a aithint agus straitéisí sonracha a chur i bhfeidhm chun freastal ar na riachtanais seo. Ba choir don scoil infheistíocht a dhéanamh ar acmhainní chun feabhas a chur ar ghnóthachtáil na ndaltaí dírithe san litearthacht agus uimhearthacht.
- Tá gá le forbairt sa chomhpháirtíocht bhaile-scoil. Tá suíomh idirlíon tarraingteach ag an scoil. Is féidir an áis seo a úsáid chun feabhas a chur ar chumarsáid leis na tuismitheoirí, go háirithe sa chomhthéacs cultúr an chomh-mheasa a chothú agus a fhorbairt a thuilleadh.

# **Aguisín**

**FREAGRA NA SCOILE AR AN TUAIRISC**

**Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta**

### **Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile**

The board of management welcomes the confirmation of teaching standards at the school. However the board feels that in relation to the overall management of the school the negative outlook is not justified.

Specifically, in relation to the questionnaire responses, the board feels that the inclusion of the "Don't knows" negatively distorts the outcomes.

While the board feels that, when procedure is followed, issues are adequately addressed, nevertheless the aggregated information from questionnaires is and will be used for self-evaluation purposes.

The board considers that the basis for the inclusion of three sentences in paragraph two, page 2 does not exist. In particular, the references to "a CERTAIN level" and "EXTERNAL FACILITATION" are open to interpretation. The board is not happy about this and does not agree with it.

In relation to the quality of support for pupils we, the board, believe that the pupils with the greatest needs are prioritised for the learning support service. At the time of the WSE no child, attending the service, had scored at or below the tenth percentile on standardised tests. Any child on or below the thirtieth percentile (Sten 4) in English or Mathematics was in receipt of learning support. Computer classes, provided by the learning support teacher, were used to enhance the Numeracy and Literacy Curriculum in the school. This afforded pupils an opportunity to engage in pair work, peer tutoring and self-assessment.

In relation to the quality of school planning and school self-evaluation the board emphasises that school policies on bullying, inclusion and differentiation are ongoing.

### **Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm**

- Parents are no longer asked by the board to pay for Music and Dancing.
- DEIS funding spent on travel to swimming has been discontinued.
- The arrangement, giving the principal some time three days per week, has been discontinued.
- In the senior classes a novel has been introduced "The Custodian" by D.A O' Connor.
- The learning support Maths programme has been further developed.
- The school has purchased the PM reading programme and Maths Made Easy to improve Literacy and Numeracy outcomes for the targeted pupils.
- A link has been provided for the Parents' Association on the attractive school website.
- The school will develop a policy on Assessment.
- A copy of the child protection policy has been distributed to all parents.
- The school will access training on the implementation of child protection procedures.
- Group work is now in evidence in all classrooms.
- Frequent opportunities are now being provided for pupils to write independently in all classrooms.